C/2024/2890

25.4.2024

Tuarascáil Deiridh an Oifigigh Éisteachta ([1])

Cás M.9569 - EssilorLuxottica/GrandVision

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2890)

1. An 23 Nollaig 2019, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú beartaithe trína bhfaigheadh EssilorLuxottica S.A. ('EssilorLuxottica') rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) (an 'Rialachán um Chumaisc'), ar GrandVision N.V. ('GrandVision') ('an tIdirbheart Beartaithe'). Chun críche na tuarascála seo, tagraítear do EssilorLuxottica agus GrandVision i dteannta a chéile mar 'na Páirtithe'.

2. An 6 Feabhra 2020, ghlac an Coimisiún cinneadh chun tús a chur le himeachtaí de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc. An 16 Feabhra 2020, chuir EssilorLuxottica barúlacha i scríbhinn isteach maidir le cinneadh Airteagal 6(1)(c).

3. An 25 Feabhra 2020, tar éis iarraidh a fháil ó na Páirtithe, cuireadh síneadh deich lá oibre leis an spriocdháta a leagtar amach faoi Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc de bhun Airteagal 10(3), an dara mír den Rialachán um Chumaisc. An 16 Márta 2020 agus an 15 Aibreán 2020, ghlac an Coimisiún dhá chinneadh de bhun Airteagal 11(3) agus Airteagal 10(4) den Rialachán um Chumaisc, lenar ceanglaíodh ar na Páirtithe faisnéis a sholáthar a bhí ina ábhar d'iarraidh shimplí ar fhaisnéis roimhe sin, agus lenar cuireadh ar fionraí an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc. Tháinig deireadh leis an dá fhionraí sin an 18 Márta 2020 agus an 30 Aibreán 2020 faoi seach.

4. An 5 Meitheamh 2020, ghlac an Coimisiún ráiteas agóidí. Tugadh fógra foirmiúil maidir leis an ráiteas agóidí do EssilorLuxottica an 5 Meitheamh 2020 agus tugadh rochtain do EssilorLuxottica ar chomhad an Choimisiúin an lá céanna ([3]).

5. An 11 Meitheamh 2020, d'iarr EssilorLuxottica ar Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta síneadh aon lá oibre amháin a thabhairt chun a bharúlacha ar an ráiteas agóidí a chur isteach, i.e. go dtí Dé Luain, an 22 Meitheamh 2020. Cé nár deonaíodh aon síneadh foirmiúil, d'aontaigh Ard-Stiúrthóireacht an Chomórtais le EssilorLuxottica go bhféadfadh sé a bharúlacha ar an ráiteas agóidí a chur isteach Dé Sathairn, an 20 Meitheamh 2020 trí mheán leictreonach agus cóip shínithe a chur isteach ag Clárlann na gCumasc Dé Luain, an 22 Meitheamh 2020. Chuir EssilorLuxottica a fhreagra i scríbhinn ar an ráiteas agóidí isteach laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh le hArd-Stiúrthóireacht na hIomaíochta. Ina bharúlacha ar an ráiteas agóidí uaidh, d'iarr EssilorLuxottica éisteacht fhoirmiúil ó bhéal.

6. Tionóladh an éisteacht fhoirmiúil ó bhéal an 26 Meitheamh 2020.

7. Tugadh rochtain bhreise ar an gcomhad an 5 Meitheamh 2020, an 8 Iúil 2020, an 18 Feabhra 2021, an 19 Feabhra 2021 agus an 3 Márta 2021, maidir le doiciméid a cuireadh leis an gcomhad tar éis ghlacadh an ráitis agóidí. Ní bhfuair mé aon ghearán ná iarraidh ó na Páirtithe maidir le rochtain ar an gcomhad.

8. Idir an 27 Aibreán agus an 16 Meitheamh 2020, cheadaigh mé ceithre ghnóthas (iomaitheoirí agus/nó custaiméirí de chuid na bPáirtithe) mar thríú daoine leasmhara sa chás seo. Soláthraíodh leagan neamhrúnda den ráiteas agóidí do na tríú daoine leasmhara uile agus tugadh teorainn ama dóibh faoina gcaithfidís a gcuid barúlacha a chur isteach.

([1]) De bhun Airteagail 16 agus 17 de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29) ('Cinneadh 2011/695/AE').

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

([3]) An 10 Meitheamh 2020, dhearbhaigh GrandVision d'Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ('AS na hIomaíochta') nach raibh leagan neamhrúnda den ráiteas agóidí de dhíth air ar leithligh.

9. An 7 Iúil 2020, ghlac an Coimisiún cinneadh lenar cuireadh síneadh cúig lá oibre leis an nós imeachta de bhun Airteagal 10(3), an dara fomhír, an tríú habairt, den Rialachán um Chumaisc.

10. An 8 Iúil 2020, sheol an Coimisiún litir fíoras chuig EssilorLuxottica. An 15 Iúil 2020, sheol EssilorLuxottica a fhreagra ar an litir fíoras sin.

11. An 15 Iúil 2020, ghlac an Coimisiún cinneadh lenar cuireadh síneadh cúig lá oibre leis an nós imeachta de bhun Airteagal 10(3), an dara fomhír, an tríú habairt, den Rialachán um Chumaisc.

12. An 17 Iúil 2020, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig EssilorLuxottica de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán um Chumaisc, agus spriocdháta an 20 Iúil 2020 ag gabháil léi. Tar éis don spriocdháta sin dul in éag, chuir EssilorLuxottica in iúl go mbeadh gá le ham breise chun an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil. I bhfianaise a thábhachtaí atá an fhaisnéis i gceist do mheasúnú an Choimisiúin ar an gcomhchruinniú, an 22 Iúil 2020, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 11(3) agus Airteagal 10(4) den Rialachán um Chumaisc, lena gcuirtear ar fionraí an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc, le héifeacht ar an lá céanna. Tháinig deireadh leis an bhfionraí sin ar an teorainn ama an 8 Feabhra 2021. Ar an dáta sin, thairg EssilorLuxottica gealltanais freisin de bhun Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a shainaithin an Coimisiún maidir le hiomaíocht.

13. Tar éis tástáil margaidh a dhéanamh ar na gealltanais tosaigh a tugadh agus ar aiseolas ó Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, chuir EssilorLuxottica gealltanais athbhreithnithe isteach an 22 Feabhra 2021, gealltanais a ndearna Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta tástáil margaidh orthu arís. Tar éis tuilleadh aiseolais a fháil ó Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, thairg EssilorLuxottica sraith chríochnaitheach gealltanas an 1 Márta 2021 (na 'Gealltanais Chríochnaitheacha').

14. Fuarthas amach sa dréachtchinneadh, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna Gealltanais Chríochnaitheacha, go bhfuil an tIdirbheart Beartaithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le Comhaontú LEE.

15. Rinne mé athbhreithniú ar an dréachtchinneadh de bhun Airteagal 16(1) de Chinneadh 2011/695/AE agus bainim de thátal as nach ndéileáiltear ann ach amháin le hagóidí ar ina leith a tugadh an deis do na Páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl.

16. I bhfianaise an mhéid thuas, measaim gur urramaíodh feidhmiú éifeachtach na gceart nós imeachta le linn na n-imeachtaí seo.

An Bhruiséil, an 22 Márta 2021.

Dorothe DALHEIMER